Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7273/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0069(NLE)**

**UK 34**
**UD 56**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 135 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann leis an dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 135 final.

Faoi iamh: COM(2025) 135 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 21.3.2025
COM(2025) 135 final

2025/0069 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann leis an dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') a mhéid a bhaineann le dearbhú ón Aontas atá le déanamh de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor[2] ('Cinneadh Uimh. 1/2023'). Tá Creat Windsor[3] ina dhlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Creat Windsor

Leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar na socruithe maidir le tarraingt siar rianúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus as Euratom. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 27 Feabhra 2023, tháinig an Coimisiún Eorpach agus Rialtas na Ríochta Aontaithe ar chomhaontú polaitiúil i bprionsabal maidir le Creat Windsor. An Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, ghlac an Comhchoiste sin an 24 Márta 2023 na socruithe nua a bhaineann le Creat Windsor agus chomhaontaigh an dá Pháirtí oibriú go dlúth agus go dílis le chéile chun gach gné de Chreat Windsor a chur chun feidhme.

### 2.2. An Comhchoiste

Tá an Comhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe. Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste. In Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar leagtar síos rialacha nós imeachta an Chomhchoiste. Tagann an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad nó arna iarraidh sin don Aontas nó don Ríocht Aontaithe agus socraíonn sé a sceideal cruinnithe agus a chlár oibre de chomhthoil.

Leagtar síos cúraimí an Chomhchoiste in Airteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, agus ar na cúraimí sin tá an méid seo a leanas go príomha:

- maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe go díreach nó trí obair na gcoistí speisialaithe a thuairiscíonn dó;

---

[1] IO L 29, 31.1.2020, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign.

[2] IO L 102, 17.4.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/819/oj.

[3] Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.

- cinntí agus moltaí a ghlacadh, lena n- áirítear leasuithe ar an gComhaontú sna cásanna dá bhforáiltear ann;
- fadhbanna a chosc agus díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a réiteach.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Ag an gcéad chruinniú eile den Chomhchoiste, déanfaidh an tAontas an dearbhú dá bhforáiltear in Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Airteagal 23(5) de Chinneadh Uimh. 1/2023

De réir Airteagal 23(5) de Chinneadh Uimh. 1/2023, tar éis theacht i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2023 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1128 ón gCoimisiún an 24 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 chun foráil a dhéanamh maidir le foirmiúlachtaí custaim simplithe le haghaidh trádálaithe iontaofa agus chun beartáin a sheoladh isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe[4] (is é sin, an gníomh de chuid an Aontais lena ndéantar foráil maidir le héascuithe a bhaineann le gluaiseacht earraí dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(a)(ii) agus Airteagal 7(1)(a)(iii) de Chinneadh Uimh. 1/2023), beidh feidhm ag Airteagal 7(1)(a)(iii), Airteagal 13 agus Airteagal 15(3) den Chinneadh sin ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an ceann deireanach de na dearbhuithe seo a leanas laistigh den Chomhchoiste:

(a) dearbhú ón Aontas á rá go bhfuil sé sásta go bhfuil an Ríocht Aontaithe tar éis na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí a bhunú i ndáil leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 141(1)(d)(vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún atá le soláthar d'údarás inniúil na Ríochta Aontaithe agus go bhfuil sé sásta leis an gcaoi ar chuir an Ríocht Aontaithe Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste[5] ('Cinneadh Uimh. 6/2020') chun feidhme trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá sna líonraí, sna córais faisnéise agus sna bunachair sonraí sin; agus

(b) dearbhú ón Ríocht Aontaithe á rá go bhfuil gach iompróir údaraithe in ann na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 13 de Chinneadh Uimh. 1/2023 a chomhlíonadh.

Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm le bheith ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1128 ón gCoimisiún chomh maith ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an ceann deireanach de na dearbhuithe thuasluaite laistigh den Chomhchoiste.

### 3.2. Dearbhú an Aontais de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023

Cumhdaíonn an dearbhú ón Aontas dá rud: (i) bunú na líonraí, na gcóras faisnéise agus na mbunachar sonraí ag an Ríocht Aontaithe i ndáil leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 141(1)(d)(vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún atá le soláthar d'údarás inniúil na Ríochta Aontaithe; agus (ii) cur chun feidhme Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ag an Ríocht Aontaithe trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá sna líonraí, sna córais faisnéise agus sna bunachair sonraí sin.

*Na líonraí, córais faisnéise agus bunachair sonraí ábhartha a bhunú*

---

4 IO L 149, 9.6.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1128/oj.
5 IO L 443, 30.12.2020, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2250/oj.

Chun an oibleagáid dá dtagraítear mar mhír (i) thuas a chomhlíonadh, tá córas ('an córas') cruthaithe ag an Ríocht Aontaithe chun na sonraí ábhartha a bhailiú faoi bheartáin gnólacht le tomhaltóir a sheolann iompróirí údaraithe ó chuid eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann. Tá na sonraí sin le cur faoi bhráid údaráis chustaim na Ríochta Aontaithe ag na hiompróirí údaraithe sula seachadtar na hearraí chuig an duine príobháideach.

Cuireadh an córas i bhfeidhm ar dtús i mí Aibreán 2024, sular chuir an Ríocht Aontaithe tús leis an bhféidearthacht d'iompróirí iarratas a dhéanamh ar an scéim d'iompróirí údaraithe ('Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe') an 1 Bealtaine 2024[6]. Tá an córas forbartha ó shin agus d'úsáid na hoibreoirí atá cláraithe faoi Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe é ar bhonn deonach chun sonraí a chomhroinnt maidir le beartáin gnólacht le tomhaltóir a sheoltar ó ghnólacht sa Ríocht Aontaithe (cé is moite de Thuaisceart Éireann) chuig duine príobháideach a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann. Is iad na sonraí a sholáthraíonn na hiompróirí údaraithe atá cláraithe faoi Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe sa chóras na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn 52-03 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún.

Ar an mbonn sin, tá an tAontas in ann a dhearbhú go bhfuil sé sásta, laistigh de bhrí na chéad choda d'Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023, le bunú na líonraí, na gcóras faisnéise agus na mbunachar sonraí ag an Ríocht Aontaithe i ndáil leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 141(1)(d)(vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ó gCoimisiún.

*Rochtain ar an bhfaisnéis sna líonraí, córais faisnéise agus bunachair sonraí ábhartha*

Chun Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 a chur chun feidhme maidir leis an gcóras, tá sé áirithithe ag an Ríocht Aontaithe ina córas dlí go dtabharfaí rochtain ar na sonraí a chuireann na hoibreoirí atá cláraithe faoi Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe sa chóras d'oifigigh ábhartha sa Choimisiún Eorpach, lena n-áirítear na hionadaithe don Aontas dá dtagraítear in Airteagal 12(2) de Chreat Windsor. Tá tástáil déanta ag na hoifigigh de chuid an Choimisiúin ar fheidhmiú an chórais, agus ar na sonraí atá curtha isteach go dtí seo. Léiríonn torthaí na céime tástála go gcomhlíonann an córas na paraiméadair theicniúla is gá.

Ar an mbonn sin, tá an tAontas in ann a dhearbhú go bhfuil sé sásta, laistigh de bhrí an dara cuid d'Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023, le cur chun feidhme Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ag an Ríocht Aontaithe maidir le rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá sna líonraí, sna córais faisnéise agus sna bunachair sonraí a bhunaigh an Ríocht Aontaithe i ndáil leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 141(1)(d)(vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta

[6] Féach Check if you can apply for the UK Carrier Scheme - GOV.UK.

lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[7].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Comhaontú um Tharraingt Siar.

Féadfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe dearbhuithe aontaobhacha a dhéanamh sa Chomhchoiste. An dearbhú aontaobhach atá beartaithe ag an Aontas agus atá le déanamh laistigh den Chomhchoiste de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis, de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE.

Leis an gníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

An dearbhú aontaobhach atá le déanamh ag an Aontas laistigh den Chomhchoiste, baineann sé le Creat Windsor, ar dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é, a tugadh i gcrích ar bhonn Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Dá bhrí sin, is é Airteagal 50(2) CAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 50(2) CAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht, is iomchuí an dearbhú aontaobhach ón Aontas a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis dó a bheith déanta laistigh den Chomhchoiste. Ina theannta sin, ba cheart fógra a bheartú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, á rá go ndearnadh an dearbhú aontaobhach atá le déanamh ag an Ríocht Aontaithe laistigh den Chomhchoiste de bhun Airteagal 23(5)(b) de Chinneadh Uimh. 1/2023.

---

[7] Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2025/0069 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann leis an dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2020/135[8] ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin Creat Windsor[9].

(3) De bhun Airteagal 23(5) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um Tharraingt Siar an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor[10] ('Cinneadh Uimh. 1/2023'), beidh feidhm ag Airteagal 7(1)(a)(iii), Airteagal 13 agus Airteagal 15(3) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an ceann deireanach de na dearbhuithe, atá le

---

8 Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO L 29, 31.1.2020, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/135/oj.

9 Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.

10 Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor, IO L 102, 17.4.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/819/oj.

déanamh ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe agus dá dtagraítear in Airteagal 23(5)(a) agus (b), laistigh den Chomhchoiste.

(4) Ón gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina ndearnadh an ceann deireanach de na dearbhuithe a luaitear san aithris roimhe seo laistigh den Chomhchoiste, beidh feidhm ag na foirmiúlachtaí custaim simplithe dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1128 ón gCoimisiún an 24 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446.

(5) De bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023, tá coinne leis go ndéanfaidh an tAontas dearbhú laistigh den Chomhchoiste á rá go bhfuil sé sásta go bhfuil an Ríocht Aontaithe tar éis na líonraí, na córais faisnéise agus na bunachair sonraí a bhunú i ndáil leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 141(1)(d)(vii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún[11] atá le soláthar d'údarás inniúil na Ríochta Aontaithe agus go bhfuil sé sásta leis an gcaoi ar chuir an Ríocht Aontaithe Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste[12] chun feidhme trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá sna líonraí, sna córais faisnéise agus sna bunachair sonraí sin.

(6) I mí Aibreán 2024, chruthaigh an Ríocht Aontaithe córas ('an córas') chun na sonraí ábhartha a bhailiú ó na hiompróirí údaraithe faoi na beartáin gnólacht le tomhaltóir a sheolann siad ó chuid eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann. Tá an córas forbartha ó shin agus d'úsáid na hoibreoirí atá cláraithe faoi Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe é le linn na céime tástála ar bhonn deonach chun sonraí a sholáthar maidir le beartáin gnólacht le tomhaltóir a sheoltar ó ghnólacht sa Ríocht Aontaithe (cé is moite de Thuaisceart Éireann) chuig duine príobháideach a bhfuil cónaí air i dTuaisceart Éireann. Is iad na sonraí a sholáthraíonn na hiompróirí údaraithe atá cláraithe faoi Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe sa chóras na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn 52-03 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún.

(7) Chun Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 a chur chun feidhme maidir leis an gcóras, tá sé áirithithe ag an Ríocht Aontaithe ina córas dlí go dtabharfaí rochtain ar na sonraí a chuireann na hoibreoirí atá cláraithe faoi Scéim Iompróirí na Ríochta Aontaithe sa chóras d'oifigigh ábhartha sa Choimisiún Eorpach, lena n-áirítear na hionadaithe don Aontas dá dtagraítear in Airteagal 12(2) de Chreat Windsor. Tá tástáil déanta ag na hoifigigh de chuid an Choimisiúin ar fheidhmiú an chórais, agus ar na sonraí atá curtha isteach go dtí seo. Léiríonn torthaí na céime tástála go gcomhlíonann an córas na paraiméadair theicniúla is gá.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú,

---

[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais, IO L 343, 29.12.2015, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj.

[12] Cinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire Agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 lena ndéantar forail maidir leis na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na gceart atá ag ionadaithe den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, IO L 443, 30.12.2020, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2250/oj.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal aonair*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar ('an Comhchoiste') i ndáil leis an Dearbhú Aontaobhach atá le déanamh ag an Aontas laistigh den Chomhchoiste de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023, beidh sé bunaithe ar an Dréachtdhearbhú Aontaobhach atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*